**Irish** translation of:
*Bowel cancer screening: the next step.*

# Scagthástáil ar ailse phutóige: an chéad chéim eile

**Míniú a thabhairt ar do thoradh tástála**
Taispeánann do thoradh tástála gur gá imscrúdú breise a dhéanamh. **Ní** chiallaíonn sé seo go bhfuil ailse ort, ach gur aimsíodh rianta fola i do chorraithe putóige.

• Beidh fuil sna corraithe putóige ag thart ar dheichniúr as gach 500 duine a dhéanfar tástáil orthu agus cuirfear fios orthu siúd chun bualadh leis an sainchleachtóir scagthástála (SCS). Fiú ansin, beidh naonúr as gach deichniúr díobh siúd, ar cuireadh fios orthu, saor ó ailse.

• D'fhéadfadh siadaí beaga ar a dtugtar polaipí nó ríochtaí eile ar nós haemaróidí (fíocas) a bheith mar chúis ar fhuil i do chorraí putóige.

**Cad í an chéad chéim eile?**
• Tugadh coinne duit (féach an litir tionlacain) chun measúnú a dhéanamh le SCS.

• Déantar an measúnú seo chun a chinntiú go bhfuil tú folláin go leor chun ionscópacht a dhéanamh ar an drólann (féach thíos).

• Ba chóir go dtógfadh an measúnú 45 nóiméad ar a mhéad.

• Ní gá duit do réim bia nó do chógas a athrú roimh an measúnú, ach ba chóir duit aon chógais atá á thógáil agat a thabhairt leat go dtí an measúnú.

• Déanfaidh an SCS do thoradh tástála a phlé leat agus tabharfaidh sé nó sí míniú ar na tástálacha eile ar féidir a dhéanamh. Tabharfar seans duit ceisteanna a chur nó aon chúraimí atá agat a thabhairt ar aird.

• D’fhéadfaí do bhrú fola a thógáil.

• Tar éis an mheasúnaithe tabharfar cuireadh duit teacht ar ais le haghaidh tástálacha breise, ionscópacht ar an drólann de ghnáth. Socrófar dáta agus am atá oiriúnach duit.

• Tabharfaidh an SCS míniú ar an ngnáthamh ionscópachta ar an drólann agus tabharfaidh sé nó sí eolas duit chun tabhairt abhaile leat.

• Más rud é nach féidir leat freastal ar an measúnú seo, tá sé tábhachtach glao a chur ar an líne shaorghlao chabhrach ar 0800 015 2514 chomh luath agus is féidir chun dáta agus am níos oiriúnaí a shocrú.

**Cad is ionscópacht ar an drólann ann?**

• Úsáideann ionscópacht ar an drólann ceamara an-bheag ag deireadh feadáin tanaí a chuireann ar chumas an dochtúra nó an altra polaipí nó comharthaí ailse a lorg ar an taobh istigh de do phutóg.

• Uaireanta tógtar sampla beag den phutóg agus déantar scrúdú air faoi mhicreascóp chun cealla ailse a lorg.

• Mar an gcéanna leis an gcuid is mó de ghnáthaimh mhíochaine, tá seans ann go dtarlóidh aimhréití. D'fhéadfaí fuil a bheith ann i gcás amháin b'fhéidir as gach 150 cás agus go gcuirfear poll sa phutóg le linn an ghnáthaimh i gcás amháin as 1,000 cás. Má tharlaíonn sé seo, ní foláir obráid a dhéanamh beagnach i gcónaí chun an poll a dheisiú. Go fíorannamh (de réir fianaise, níl ann ach cás amháin as 10,000 cás), is féidir le duine bás a fháil de bharr ionscópachta ar an drólann. Tabharfaidh an sainaltra scagthástála míniú ar na sochair agus ar na rioscaí nuair a thiocfaidh tú isteach chun measúnú a dhéanamh ort.

**Má thaispeánann an ionscópacht ar an drólann go bhfuil cóir leighis bhreise ag teastáil uaim?**

• Má tá cóir leighis bhreise ag teastáil uait cuirfear tú chuig cibé speisialtóir atá oiriúnach duitse. Mar shampla, más rud é gur baineadh polaipí ag ionscópacht ar an drólann d'fhéadfaí go n-iarrfar ort dul ar ais agus ionscópacht eile a dhéanamh ar an drólann idir bliain amháin agus trí bliana níos déanaí.

• Beidh an sainaltra scagthástála ábalta aon cheisteanna a fhreagairt nó aon chúraimí atá agat a phlé nuair a thagann tú isteach chun measúnú a dhéanamh ort.

HSC Public Health Agency

DHSSPS
Department of Health, Social Services and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk

Published by the Public Health Agency, Ormeau Avenue Unit, 18 Ormeau Avenue, Belfast BT2 8HS. Tel: 028 9031 1611. Textphone/Text Relay: 18001 028 9031 1611.

03/10